

The logo for TúsLA, featuring the word 'TúsLA' in a bold, white, sans-serif font. The 'ú' has a dot above it, and the 'L' is stylized with a small circle at its top right. The background of the entire page consists of abstract, wavy shapes in shades of yellow, green, and blue.

An Ghníomhaireacht um
Leanaí agus an Teaghlach
Child and Family Agency

Rialáil Seirbhíse Leanaí

Torthaí Phróisis Fhorfheidhmithe Rialála na Luathbhlianta

Ullmhaíodh an tuarascáil seo ag Research Matters Ltd. (www.researchmatters.eu) thar ceann Tusla, Gníomhaireacht um Leanaí agus Teaghlach.

Ba chóir an tuarascáil seo a lua mar:

Tusla(2021) An Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach ,*Tuairisc ar Phróiseas Forfheidhmithe Rialála na Luathbhlianta : Torthaí*. Baile Átha Cliath: Tusla.

Cóipcheart © Tusla, 2021

Tusla – Child and Family Agency
The Brunel Building
Heuston South Quarter
Saint John’s Road West
Dublin 8 D08 X01F

Tel: 01 771 8500
Email: info@tusla.ie
www.tusla.ie

Brollach

Tá sé de rún againn an tuairisc seo a chur I láthair a sholáthraíonn, don chéad uair anailís mhionsionraithe ar thorthaí a thagann as príomhghnéithe den phróiseas forfheidhmithe rialála.

Is í An Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach Tusla, trí chigireacht na luathbhlianta tá an chigireacht ina rialtóir reachtúil neamhspleách ar sheirbhísí luathbhlianta in Éirinn. Tá sé freagrach ar clarú agus cigireachta ar reamhscoileanna, grúpaí súgartha, naíolanna, cúram lae agus seirbhísí den chinéal céanna a fhreastalaíonn ar leanaí 0-6 bliana d'aois. Is é ról na cigireachta ná sábháilteacht agus cúram an linbh atá sna luathbhlianta a chur chun cinn agus monatóireacht a dhéanamh air de réir na rialachán.

Tá sé mar aidhm ag rialáil feabhas a chur chun cinn, léiríonn torthaí na hanailise a chuirtear I láthair sa tuairisc seo go soiléir an tionchar dearfach a dhéantar ar cháilíocht seirbhísí luathbhlianta mar thoradh ar an bpróiseas cigireachta. Fuair muid amach ó anailís ar 500 rialachán neamhchomhlíontach go raibh beagnach 86% de na seirbhíse a bhí neamhchomhlíontach ar an chigireacht, comhlíontach ag deireadh an phróisis.

Ta próiseas forfheidhmithe rialála Tusla bunaithe ar dhlíthiú agus rialáil. Déan chuid is mó, togann plean gníomhaíochta ceartaitheach agus coiscitheach na soláthraithe aghaidh ar neamhchomhlíonadh na rialúchan a shainaithnítear ar chigireacht. Taispeánann sé seo go bhfuil an leibhéal idirghabhála is mó ag céim luath.

Níor cuireadh ach líon beag seirbhísí chuig an bpainéal náisiúnta cláraithe agus forfheidhmithe le dhá bhliain. Tá an painéal seo freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar fhorfheidhmithe I gcás go bhfuil seirbhísí I mbaol a gclárú a chailleadh. Bhí coinníollacha ceangailte le rionnt seirbhíse ar fheabhsúchán agus déanadh ionchúiseamh amháin agus sé sheirbhís a bhaint den chlár. Taispeánann na torthaí go gníomhaíonn Tusla ar bealach comhréireach ina n-aithnítear riosca suntasacha agus nár thug an soláthraí aghaidh air.

Tacaíonn an tuairisc seo leis an tabhacht a bhaineann le seirbhís láidir chigireacht a chuir I bhfeidhm a dhíríonn isteach ar fadhbanna nuair a thagann siad chun cinn, fresin comhoibriú le soláthraithe seirbhís ar bhealach a théann I bhfeidhm ar athrú dearfach chun cáilíocht sheirbhísí luathbhlianta a fheabhsú.

Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt d'obair a rinne os cionn 4,300 soláthraí seirbhísí luathbhlianta chun chinntiú go soláthraíonn siad seirbhís sábhailte ardchaighdeanaeach do leanaí agus do theaghlaigh ar fud na tíre, fresin ba mhaith linn buíochas a ghabháil leo as ucht a rannpháirtíocht lenár gcigirí agus as a ngealltanais riachtanais rialála a chomhlíonadh. Fresin ba mhaith linn aitheantas a thabhairt don geallsealbhoirí san earnáil a thacaíonn le seirbhís na luathbhlianta agus a oibríonn go dlúth linn chun an clár oibre cáilíochta a chur chun cinn. Faoi dheireadh, ár mbuíochas ó chroí le Dr. Sinéad Ní Ainifín, m, Stiúrthóir Bainistíochta, Cursaí Taighde Teo, chun an tuairisc seo a thairgeadh.

Dr Carolín Ní Cuilinn

Stiúrthóir Náisiúnta Dearbhú Cáilíochta
(Idir an dá linn)

Fiona Nic Dhomhnaill

Stiúrthóir Seirbhíse Náisiúnta ar Rialáil
Seirbhíse Leanaí

Clár ábhair

Brollach.....	iii
Cuid 1: Réamhrá	1
Forléargas.....	1
Freagairt d'áiteanna nár cloíodh le riachtanais rialála	1
Scála forfheidhmithe rialála	2
Aidhm agus cuspóirí	5
Tuarascálacha cigireachta	5
Nascacht sonraí leis an Taifead Seirbhísí Luath-Óige	5
Anailís ar na tuarascálacha.....	5
Ceisteanna eiticiúla	6
Cuid 3: Gníomhartha ceartaitheacha agus coiscitheacha	7
Príomh-phointí	7
Forléargas.....	8
Torthaí ón anailís ar 500 rialachán neamh-chomhréireachta roghnaithe go randamach.....	8
Torthaí le rialacháin aonair	9
Cás-staidéir léiritheacha	11
Sampla 1: Feabhas a chur ar rialachas seirbhíse	11
Sampla 2: Feabhas a chur ar an seirbhís chun tacaíocht níos fearr a thabhairt do shláinte, leas agus forbairt na leanaí a fhreastalaíonn air	12
Sampla 3: Feabhas a chur ar shábháilteacht leanaí ag freastal ar an seirbhís	15
Sampla 4: Feabhas a chur ar an seirbhís chun tacú níos fearr leis na áitribh agus áiseanna	16
Achoimre.....	17
Cuid 4: Fógraí um ghníomhú láithreach	18
Príomh-phointí	18
Forléargas.....	19
Coinníollacha seirbhísí.....	19
Dáileachán geografach na seirbhísí eisithe le fógraí um ghníomhú láithreach	19
Cineálacha seirbhísí	20
Méid na seirbhíse	20
Gnéithe eile na seirbhísí.....	21
Leibhéal ginearálta neamh-chomhréireachta	21
Béim na bhfógraí um ghníomhú láithreach.....	21
Samplaí ar phríomh-cheisteanna ag eascrú	24
Rialachán 9.....	24
Rialachán 23.....	25
Torthaí a d'eascraigh ó Rialachán 23	26
Achoimre.....	27
Cuid 5: Coinníollacha ceangailte leis an gclárúchán	28

Príomh-phointí	28
Forléargas.....	29
Gnéithe na seirbhísí.....	30
Cineálacha seirbhíse.....	31
Méid na seirbhíse	32
Cigireachtaí fógartha agus gan fhógairt	32
Líon na rialachán neamh-chomhréireacha	32
Rialacháin aitheanta le coinníollacha ceangailte.....	33
Fógra ar choinníollacha ceangailte	35
Cuid 6: Baint na seirbhísí luath-óige ón taifead.....	39
Príomh-phointí	39
Forléargas.....	40
Ionchúiseamh	40
Baint ón taifead seirbhísí luath-óige	41
Baint ón Taifead.....	41
Nósanna imeachta dlíthiúla	41

Cuid 1: Réamhrá

Forléargas

Tá reachtaíocht pholasaithe um fhorfheidhmiú na seirbhísí luath-óige bunaithe ar chontanaim comhréireachta agus forfheidhmithe lena n-áirítear: comhréireacht a chur chun cinn trí fhoráil, monatóireacht agus measúnú a chur chun cinn ar chomhréireacht agus freagairt le neamh-chomhréireacht. Faigheann an próiseas tacaíocht ó go leor príomh-phrionsabail. Tá achoimre orthu sin leagtha amach thíos. Oibríonn siad chun treoir a thabhairt do chur i bhfeidhm Polasaithe Forfheidhmithe Luath-Óige Tusla.

Léaráid 1 Prionsabail taobh thiar den phróiseas forfheidhmithe rialála

Cur chun cinn comhréireachta rialála trí rannpháirtíocht chuíf leis an earnáil luath-óige agus táirgeadh faisnéise míniúcháin tacaíochta chun tacú le comhréireacht a bhaint amach.

Gníomh éifeachtach, tráthúil agus comhréireach a ghlacadh nuair nach gcloíonn seirbhís luath-óige le riachtanais na rialachán.

Cinntiú go bhfuil gach gníomh forfheidhmithe rialála réasúnta agus cuí chun sláinte, sábháilteacht agus leas na leanaí óga a chosaint, agus chun foráil seirbhíse luath-óige ardchaighdeáin a chur chun cinn i seirbhísí luath-óige cláraithe le Tusla.

Déantar gníomhartha forfheidhmithe a chur i bhfeidhm ar bhealach cóir, follasach a ghlacann san áireamh rialacha ceartais nádúrtha agus an ceart freagartha.

Freagairt d'áiteanna nár cloíodh le riachtanais rialála

Nuair nach gcloítear le riachtanais na rialachán, glactar gníomh chun cumarsáid shoiléir a dhéanamh faoi nádúr na neamh-chomhréireachta chuig an soláthraí seirbhíse luath-óige. Is tosaíocht é comhleanúnachas a bhaint amach sa phróiseas rialála agus forfheidhmithe. D'ainneoin sin, áfach, de réir is a thagann difríochtaí idir na leibhéil neamh-chomhréireachta, beidh na gníomhartha forfheidhmithe curtha i bhfeidhm sonrach don leibhéal agus méid neamh-chomhréireachta i ngach cás. Is aidhm le Tusla idirghníomhú le seirbhísí nuair nár cloíodh le comhréireacht rialála chun:

- Leanaí a chosaint ar bhealach tráthúil
- Freagairt ar bhealach coibhéiseach do nádúr na gceisteanna aitheanta sa chigireacht
- Deiseanna a thabhairt do sheirbhísí luath-óige chun feabhas a chur ar chleachtais agus próisis.

Glacann freagra Tusla san áireamh:

- An riosca atá roimh leanaí mar thoradh as gan cloí le riachtanais rialála
- Stair an tsoláthraithe chláraithe le cigireacht agus comhréireacht le rialachán
- Freagra an tsoláthraithe chláraithe le neamh-chomhréireacht, lena n-áirítear gníomhartha ceartaitheacha molta agus fianaise a thacaíonn leis na gníomhartha sin
- cumas an tsoláthraithe chláraithe chun struchtúir rialachais stuama a chur i bhfeidhm agus a choinneáil mar aon le cleachtaí gaolmhara.


Tá faisnéis agus treoraíocht a bhaineann le forfheidhmiú rialála, lena n-áirítear reachtaíocht, cearta achomhairc agus nósanna imeachta um ghearáin, ar fáil ar shuíomh gréasáin Tusla:

<https://www.tusla.ie/services/preschool-services/a-guide-to-regulatory-enforcement-in-early-yearssettings/>

Scála forfheidhmithe rialála

Tá léiriú ar phríomh-eilimintí sa chontanaimh i Léaráid 2 sa scála forfheidhmithe rialála, a thugann léaráid ar na céimeanna sa phróiseas. Is tábhachtach a lua nach bhfuil an géarú i gcónaí líneach ar an ngníomh forfheidhmithe rialála. Déanfar an bealach forfheidhmithe a chinneadh de réir na cúinsí sonracha le gach seirbhís.

Léaráid 2 Scála forfheidhmithe rialála



Struchtúr na tuarascála

Díríonn an chuid eile den tuarascáil seo ar anailís mhionsonraithe ar thorthaí a d'eascraigh ón bPróiseas Forfheidhmithe Rialála agus curtha ar fáil ar go leor codanna difriúla mar a leanas:

- Tugann Cuid 2 forléargas ar an modheolaíocht in úsáid chun an anailís seo a dhéanamh
- Cuireann Cuid 3 na torthaí ar fáil ón anailís ar ghníomhartha ceartaitheacha agus coisctheacha a d'eascraigh ó 500 rialachán neamh-chomhréireach de bharr cigireacht déanta in 2018 agus 2019
- Tugann Cuid 4 anailís cháinníochta ar fhógraí um ghníomhú láithreach a d'eascraigh ó chigireachtaí déanta in 2018 agus 2019
- Cuireann Cuid 5 san áireamh príomh-cheisteanna a d'eascraigh ó chigireacht déanta in 2018 agus 2019 nuair a bhí coinníollacha ceangailte le clárúchán
- Tugann Cuid 6 na torthaí maidir le baint ón taifead ar sheirbhísí luath-óige.

Tugann an chuid seo faisnéis maidir le aidhm agus cuspóirí na hanailíse, tuarascálacha san anailís, anailís ar na tuarascálacha agus ceisteanna eiticiúla a eascraíonn as.

Aidhm agus cuspóirí

Is aidhm leis an staidéar reatha anailís a dhéanamh ar an bpróiseas forfheidhmithe rialála maidir le cigireachtaí luath-óige déanta thar thréimhse dhá bhliana ó Eanáir 2018 go dtí Nollag 2019.

Bhain na cuspóirí sonracha le anailís cháinníochta agus cháilíochta a dhéanamh ar:

1. Ghníomhartha ceartaitheacha agus coisctheacha (CAPA) a tharla i ndiaidh aitheantais neamh-chomhréireachta;
2. fógraí um ghníomhú láithreach
3. coinníoll(acha) ceangailte le clárúchán seirbhíse i bhfreagra le neamh-chomhréireacht aitheanta le linn cigireachta; agus
4. sonraí a sholáthar maidir le seirbhísí amach ón taifead luath-óige.

Tuarascálacha cigireachta

Na bunúis leis na anailísí cháinníochta agus cháilíochta déanta ná tuarascálacha ar chigireacht, curtha le chéile ag Cigireacht Luath-Óige Tusla, déanta in 2018 (1,557 tuarascáil agus 2019 (1,389 tuarascáil). Bhí na tuarascálacha soláthraithe i bhformáid tuarascála cigireachta caighdeánaithe ag EYIs, agus áirítear leo faisnéis maidir leis an seirbhís, comhréireacht agus neamh-chomhréireacht maidir le gach rialachán a ndearnadh cigireacht orthu agus gníomhartha ceartaitheacha agus coisctheacha chun an neamh-chomhréireacht a réiriú nuair a aithnítear í.

Bhí gach tuarascáil 2018 agus 2019 curtha leis na fógraí aitheantais ina raibh fógraí um ghníomhú láithreach agus coinníollacha ceangailte le seirbhísí. Bhí sampla randamach 500 tuarascáil neamh-chomhréireachta le rialacháin ó 2018 agus 2019 ginte agus comhdhéanann siad bunús le anailís ar na gníomhartha ceartaitheacha agus coisctheacha curtha leis an tuarascáil seo.

Nascacht sonraí leis an Taifead Seirbhísí Luath-Óige

Chomh maith leis an bhfaisnéis ar fáil i gcomhair anailíse ar na tuarascálacha, rinneadh nascacht sonraí idir na tuarascálacha faighte i gcomhair anailíse agus an Taifead Luath-Óige do 2019. Rinneadh an nascacht sonraí sin ag úsáid nósanna imeachta nascachta agus cheadaigh sé anailís ar go leor athróa breise maidir le seirbhísí luath-óige. Áirítear le athróa bhreise stádas brabúis na seirbhíse, líon na mball foirne fostaithe sa seirbhís, foráil seirbhísí aois scoile ag seirbhísí aonair agus an bhfuil an tseirbhís mar cheann de ghrúpa seirbhísí nó seirbhís amháin.¹

Anailís ar na tuarascálacha

Rinneadh anailís cháinníochta ar na príomh-athróa ar fáil sa tuarascáil IR² agus FFP³ araon chomh maith leis na athróa ar fáil tríd an bpróiseas nascachta sonraí. Bhí staidrimh chur síos ginte ag úsáid bogearraí staidrimh R.

¹ Grúpa seirbhísí ná ceann ina bhfuil dhá nó níos mó seirbhísí ag an soláthraí cláraithe céanna ar an taifead seirbhísí luath-óige.

² Tuarascáil na cigireachta ar sheirbhísí chláraithe ag mionsonrú na rialachán faoi mheasúnú comhréireachta.

³ Tuarascáil na cigireachta ag mionsonrú na rialachán faoi mheasúnú comhréireachta roimh fhaomhadh clárúcháin.

Anailís cháilíochta a úsáideann cur chuige inneachair agus téama araon déanta ar an bhfaisnéis théacs léirithe sa sampla randamach 500 rialachán neamh-chomhréireacha. Fuair an anailís sin tacaíocht ó úsáid bogearraí taighde cáilíochta N-Vivo. Dhírigh an anailís ar thuiscint a bhaint as neamh-chomhréireacht aitheanta sna tuarascálacha lena n-áirítear gníomhartha ceartaitheacha agus coisctheacha, fógraí um ghníomhú láithreach agus coinníollacha ceangailte leis an gclárúchán.

Ceisteanna eiticiúla

Déileáil le gach breithniúcháin eiticiúla a bhain le neamhainmníocht agus dea-chleachtas i gcosaint sonraí agus bhíodh cúramach le cinntiú nach féidir féiniúlacht na seirbhísí aonair a aithint sa tuarascáil. Luaitear, áfach, go bhfuil gach tuarascálacha atá san anailís seo ar fáil saor in aisce tríd an suíomh gréasáin Tusla (féach: <https://www.tusla.ie/services/preschool-services/creche-inspection-reports/>).

Cuid 3: Gníomhartha ceartaitheacha agus coiscitheacha

Príomh-phointí

Roghnaigh anailís ar 500 rialachán neamh-chomhréireachta tionchair ón bpróiseas cigireachta.

Léirigh torthaí ón bpróiseas ceartaitheach agus coiscitheach gur eascraigh 85.8% de rialacháin neamh-chomhréireachta i bhfeabhsuithe deimhnithe sa seirbhís agus bheadh 3.6% eile de na feabhsuithe fóraithe ag an gcéad chigireacht eile.

D'fhan 11% de na rialacháin neamhchomhréireach ag deireadh an phróisis CAPA ag léiriú go ndearnadh feabhsuithe neamhleor.

Aithníodh feabhsuithe leis an seirbhís mar thoradh as an bpróiseas sin maidir le cé chomh mór a bhí:

- an tseirbhís rialaithe go maith.
- sláinte, leas agus forbairt gach linbh ag fáil tacaíochta
- na leanaí sábháilte sa seirbhís
- na áitribh sábháilte, oiriúnach agus cuí do chúram agus oideachas leanaí

Forléargas

Nuair a aithnítear neamhchomhréireachtaí ar an gcigireacht, cuirtear iad in iúil don sholáthraí cláraithe, a dtugtar dó ansin deis chun a leagan amach conas a ndéileáilfear leis na neamhchomhréireachtaí. Tá dhá chomhpháirt leis agus is iad sin:

- Gníomhartha Ceartaitheacha: gníomhartha glactha chun an neamh-chomhréireacht aimsithe a cheartú nó a bhaint.
- Gníomhartha Coiscitheacha: na gníomhartha leanúnacha (más ann) a theastaíonn chun a chinntiú nach dtarlaíonn an neamh-chomhréireacht arís.

Ansin seoltar na gníomhartha chuig an gCigireacht Luath-Óige i gcomhair athbhreithnithe. Nuair a shíltear go dtéann na gníomhartha i ngleic leis na neamh-chomhréireachtaí ar bhealach sásúil, bíonn na gníomhartha corpraithe isteach sa Dréacht ar Thuarascáil Cigireachta agus seolta chuig an bPainéal Clárúcháin Luath-Óige don bhreathnóireacht, agus ansin eisiúnn an painéal sin Tuarascáil Cigireachta Deiridh.

Ar feadh an phróisis, bíonn an Cigire Luath-Óige ar fáil i gcomhair soiléirithe agus treoraíochta lena n-áirítear soláthraí cláraithe a stiúradh d'fhoinsí faisnéise cuí.

I gcúinsí ina mheasann an Cigireacht Luath-Óige nach mbeidh na gníomhartha luaite sa CAPA ag dul i ngleic ar bhealach sásúil le neamh-chomhréireachtaí, tugann an Cigireacht Luath-Óige fógra don soláthraí cláraithe agus soláthraíonn sé tuilleadh cúnamh nuair a iarrtar é. I gcás nach leor an fhaisnéis CAPA, labhraíonn an Cigireacht Luath-Óige maidir leis an neamh-chomhréireacht leis an bPainéal Clárúcháin Luath-Óige i gcomhréir leis an bPolasaí Forfheidhmithe Rialála.

Torthaí ón anailís ar 500 rialachán neamh-chomhréireachta roghnaithe go randamach

Rinneadh anailís ar na CAPAs leagtha amach mar fhreagra le neamh-chomhréireachtaí aitheanta i rogha randamach 500 rialachán neamh-chomhréireach tarraingthe ó 2018 agus 2019. Léiríonn na torthaí forleathan go raibh trí phríomh-thoradh ag eascrú as:


Déileáil leis an gcomhréireacht. Tá an Cigire Luath-Óige sásta gur déileáil leis an neamh-chomhréireacht agus go raibh fianaise seolta ar athruithe agus glacadh leis mar shásúil ag an gcigire.

Bhí, ach ní raibh sé deimhnithe (NV), ina raibh an Cigire Luath-Óige sásta gur déileáil leis an neamh-chomhréireacht ach go mbeadh sé sin deimhnithe ag an gcéad chigireacht eile.

Ní raibh. Ní raibh an Cigire Luath-Óige sásta go ndearnadh na athruithe riachtanacha, agus d'fhan an tseirbhís neamh-chomhréireach maidir leis an rialachán áirithe sin. Sna cásanna sin, bíonn na ceisteanna tugtha ar aghaidh agus déileáiltear leo i gcomhréir leis an gcliarlathas forfheidhmithe rialála luaite thuas.

De réir béime i Léaráid 3, aithníodh an chuid is mó rialacháin mar chomhréireach i ndiaidh próisis CAPA (85.5%; n = 429) agus 3.6% eile (n = 18) a aithníodh mar chomhréireach ach bheadh sin deimhnithe ag an gcéad chigireacht eile (NV). Aithníodh timpeall ceann i ngach deich rialachán (10.6%; n = 53) mar neamh-chomhréireach ag deireadh an phróisis CAPA.

Léaráid 3 Toradh an phróisis CAPA



Nóta: D'fhéadfadh céatadáin gan 100% a chomhdhéanamh i ngeall ar shlánú

Torthaí le rialacháin aonair

Aithníodh leibhéil comhréireachta agus neamh-chomhréireachta do gach 500 rialachán curtha leis an anailís. I gcomhréir leis na uimhreacha forleathan le rialacháin aonair a fuair measúnú, tá an líon is airde a chuireadh san anailís seo maidir le Rialachán 23, Rialachán 9, Rialachán 19, Rialachán 26, Rialachán 29 agus Rialachán 16. Dá réir, Rialachán 10, Rialachán 12, Rialachán 25, Rialachán 28 agus Rialachán 32, agus beagnach gach ceann comhréireach ag deireadh an phróisis CAPA, tá na uimhreacha a chuireadh san anailís seo an-bheag (le héisceacht ó Rialachán 25, gach ceann eile níos lú ná a cúig).

Maidir le Rialachán 8 (63.2%; n = 20) agus Rialachán 20 (53%; n = 13), glacadh le níos lú ná dhá thriain mar chomhréireach ag deireadh an phróisis CAPA (Tábla 1).

Tábla 1 Torthaí ón bpróiseas CAPA de réir rialacháin

Uimhir an rialacháin	Béim an rialacháin	I gcomhréir	I gcomhréir, ach gan deimhniú	Níl comhréireacht	Líon na rialachán measúnaithe
8	Fógra ar athrú sna cúinsí	63.2%		36.8%	20
9	Bainistíocht agus earcaíocht	84.4%	1.1%	14.4%	90
10	Polasaithe, nósanna imeachta srl. Le seirbhís réamhscoile	100%			1
11	Leibhéil foirne	85%	10%	5%	20
12	Feighlí linbh	100%			2
16	Taifead maidir le seirbhís réamhscoile	83.3%	6.7%	10%	30
19	Sláinte, leas agus forbairt an linbh	92.3%	3.8%	3.8%	52
20	Áiseanna sosa agus imeartha	53.8%	7.7%	38.5%	13
21	Trealamh agus ábhair	66.7%	33.3%		3
22	Bia agus deoch	66.7%		33.3%	3
23	Sláinte, sábháilteacht agus leas an linbh a chosaint	88.8%	5.2%	6%	134
25	Garchabhair	100%			25
26	Bearta sábháilteachta dóiteáin	88.5%		11.5%	52
27	Maoirseacht	80%	20%		5
28	Árachas	100%			4
29	Áitribh	83.3%	2.8%	13.9%	36
30	Íosmhéid riachtanais spáis	77.8%		22.2%	9
32	Gearáin	100%			1
Iomlán		85.8%	3.6%	10.6%	500

Cás-staidéir léiritheacha

Tugann na cás-staidéir léiritheacha sin léargas ar na cineálacha neamh-chomhréireachta rialála agus gníomhartha ceartaitheacha agus coisctheacha glactha ag soláthraithe chun comhréireacht rialála a chinntiú. Tá na cásanna léiritheacha glactha ó sheirbhísí chúram lae iomláine toisc go raibh rialacháin measúnaithe i gcúram lae iomláine níos dóchála le bheith glactha mar neamh-chomhréireach maidir le cineálacha eile seirbhísí⁴. Sna cás-staidéir sin is tábhachtach a léiriú gur chóir go raibh an tseirbhís aonair aitheanta mar neamh-chomhréireacht i go leor réimsí, fiú laistigh den rialachán céanna. I gcomhair soiléire, díríonn na cás-staidéir léirithe thíos ar leasúchán aon fhachtóra amháin agus tá siad beartaithe le bheith ina gcuntais léiritheacha in ionad cuimsitheacha, ar bhealaí ina n-imríonn an Cigireacht Luath-Óige tionchar ar neamh-chomhréireachtaí. Leiríonn na cásanna léiritheacha thíos na feabhsuithe déanta ar sheirbhísí i ndiaidh cigireachta rialála i réimsí a bhaineann le:

- rialachas
- sláinte, leas agus forbairt an linbh
- sábháilteacht
- áitribh agus áiseanna

Sampla 1: Feabhas a chur ar rialachas seirbhíse

Tugann seirbhís lae iomláine seirbhís ar uasmhéid 25 leanaí idir 1 agus 6 d'aois gach lá ó 08.00 go dtí 18.00. Tá an tseirbhís lonnaithe in áitribh tráchtála i limistéar uirbeach agus oibríonn sé i dtrí sheomra ar urlár an talaimh san fhoirgneamh. Tá spás allamuigh lonnaithe sna háitribh. Fostaíonn an tseirbhís ceathrar bhall foirne ag obair go díreach leis na leanaí réamhscoile lena n-áirítear soláthraí cláraithe agus leis sin foireann fostaithe go páirt-aimseartha i gcomhair dualgais an tí.

Bhí cigireacht gan fógra ann ag díriú ar thrí théama: rialachas; sábháilteacht; agus sláinte, leas agus forbairt an linbh. Bhí torthaí na cigireachta bunaithe ar fhaisnéis faighte trí mheasúnú ar cháipéisíocht, breathnóireacht dhíreach, agus plé le foireann ábhartha. Rinneadh cigireacht leantach i ndiaidh dhá mhí chun na CAPAs a athbhreithniú, rud a bhí seolta i scríbhinn.

⁴ Tusla (2020) Tuarascáil na Cigireachta Luath-Óige le Gníomhaireacht um Leanaí agus Teaghlach Tusla 2018 agus 2019 agus treochtaí trí bhliana ó 2017-2019 ag teacht chun cinn. Baile Átha Cliath: Tusla

Léaráid 4 Tionchar an phróisis Cigireachta Luath-Óige ar rialachas na seirbhíse

Neamh-chomhréireachtaí aitheanta ar chigireacht

- Ní raibh aon tagairtí ar fáil do go leor ball foirne.
- Ní raibh tagairt ag ball foirne amháin óna fhostaíocht ba dhéanaí roimhe. Ní raibh tagairtí ó fhostóirí deimhnithe.
- Ní raibh nochtú grinnfhiosrúcháin na nGardaí ag ball foirne amháin fostaite le oibriú go díreach le leanaí.
- Níor léiríodh go raibh duais mór ag beirt bhall foirne ag obair go díreach le páistí i gCúram agus Oideachas Luath-Óige ag íosmhéid Leibhéil 5 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí, nó cáilíocht glactha mar choibhéiseach nó a bhí díolmhaithe ón riachtanas cáilíochta faoi réir Rialacháin 9(6)(a) nó (b).

Feabhsuithe déanta mar thoradh leis an gcigireacht

- Bhí na tagairtí á lorg ó iar-fhostaithe ar fáil agus deimhnithe.
- Bhí na tagairtí á lorg ó iar-fhoinsí creidiúnacha ar fáil agus deimhnithe.
- Bhí nochtadh grinnfhiosrúcháin na nGardaí maidir le fostaí amháin ar fáil.
- Seoladh ceann amháin le dhá cháilíocht a theastaíonn. Seoladh an cáilíocht maidir leis an nduine aonair breise i ndiaidh cruinnithe comhréireachta rialála.
- Ghlac an soláthraí cláraithe le tiomantas chun a chinntiú go raibh gach ball foirne le grinnfhiosrúchán roimh fhostaíocht agus go bhfuarthas ar a laghad beirt mholtóir maidir le gach ball foirne.

Samplaí eile ar fheabhsuithe déanta i seirbhísí eile mar thoradh le cigireachtaí ná:

- Líon cuí daoine fásta ag obair le páistí ag gach am agus cóimhis coinneáilte le linn amanna tábhachtacha amhail sos don lón, scaoileadh amach agus bailiúchán lena n-áirítear amanna bailiúcháin ón scoil.
- Ní oibreoidh ach baill foirne chúram leanaí a bhfuil an t-íosmhéid cáilíochta Leibhéil 5 acu go díreach le leanaí sa seomra leanaí/codlata.
- Cinntíonn an liosta foirne go gcoinnítear an t-íosriachtanas.
- Forbraíodh polasaithe anois i gcomhair mineastrála cógais agus athraithe clúdín.
- Faisnéis ábhartha suas chun dáta ar pholasaithe, mar shampla ag baint le iteachán sláintiúil, bainistíocht iompair dearfaí, imeachtaí, smachtú ionfhabhtaithe agus codladh sábháilte.
- Feabhsuithe i gcoinneáil taifid amhail bailiúchán agus scaoileadh amach, mineastráil leighis.

Sampla 2: Feabhas a chur ar an seirbhís chun tacaíocht níos fearr a thabhairt do shláinte, leas agus forbairt na leanaí a fhreastalaíonn air

Is seirbhís brabúis chúram lae iomláine í an tseirbhís lonnaithe ar thalamh bunscoile. Freastalaíonn an tseirbhís ar leanaí idir a dó agus a cúig bhliana d'aois agus tugann sé seirbhísí iarscoile freisin. Tá seisear bhall foirne ag obair i seirbhís réamhscoile. Tá cáilíocht chuí ag gach ball foirne i gcúram leanaí.

Léaráid 5 Tionchar an phróisis Cigireachta Luath-Óige ar shláinte, leas agus forbairt an linbh

Neamh-chomhréireachtaí aitheanta ar chigireacht

- Ní raibh bia solofa stóráilte i gcuisneoir.
- Bhí bia ag sneaic mhaidine don seomra réamhscoile tugtha go díreach ar an mbord. Ní raibh uisce óil ar fáil go saor.
- Ní raibh aon limistéar sosa do leanaí sa seirbhís. Chuaigh beirt leanbh dhá bhliana d'aois ina gcodladh ina mbugaithe ar feadh timpeall 1.5 uair.
- Ní raibh aon duine eochrach sannta chun cúram a thabhairt do na leanaí.
- Ní raibh limistéir suime sonraithe go soiléir in aon seomra réamhscoile sa seirbhís. Bhí cuid mhaith den trealamh imeartha stóráilte i gcófraí le doirse dúnta, agus dá bharr ba dheacair do leanaí na hábhair istigh a fheiceáil agus a roghnú. Bhí an seilf leabhair lonnaithe go hard ar an mballa, áit nár féidir le leanaí dul nó leabhar a roghnú.
- Bhí gach gníomhaíochtaí faoi stiúir daoine fásta agus bainteach le grúpaí móra.
- Ní raibh aon chineál imeartha salach chun tacú le forbairt céadfach na leanaí amhail gainneamh, uisce nó péint ar fáil sa seomra.
- Bhí cúig mhíreanna mearaí i gcófra dúnta, ach bhí go leor píosaí in easnamh ag gach cúig chinn acu.
- Ní raibh aon chlár sa seomra réamhscoile ina raibh 11 leanaí idir 2-3 bhliana d'aois.
- Bhí leanaí ag caoineadh ar feadh tréimhsí fada.

Feabhsuithe déanta mar thoradh leis an gcigireacht

- D'oibrigh an soláthraí le eagraíocht thacaíochta chun feabhas a chur ar cháilíocht fhorála chúram leanaí lena n-áirítear i limistéir cothaithe agus timpeallacht fisiceach agus ábhair.
- Tá bia solofa stóráilte mar is cuí, uisce óil ar fáil go saor agus bia curtha ar fáil ar phlátaí.
- Le linn cigireachta eile, tugadh faoi deara go raibh baill foirne ar an dá sheomra ag labhairt agus idirghníomhú le leanaí ar bhealach níos dearfaí.
- Tugadh faoi deara go raibh leanaí ag díriú a gcuid imeartha féin go mór agus go raibh an t-atmaisféar suimhneach gan deifir.
- Leanann an tseirbhís ag obair leis an ngníomhaireacht thacaíochta le meantóireacht chun cáilíocht a fhorbairt agus a fheabhsú maidir le sláinte, leas agus forbairt leanaí.

Samplaí eile de na feabhsuithe déanta mar thoradh le cigireacht chun tacú le sláinte, leas agus forbairt leanaí ag freastal ar na seirbhísí:

Baill foirne ag idirghníomhú le eagraíocht thacaíochta seachtraí chun oiliúint leanúnach a chinntiú.

Beidh cruinnithe foirne struchtúrtha agus déanta go rialta agus taifid ar na cruinnithe ar fáil ar chomhad.

Déanann an fhoireann athbhreithnithe míosúla le cinntiú go bhfuil ábhair agus trealamh oiriúnach don aois in úsáid ag na leanaí ina seomra súgartha.

Cigireachtaí rialta an ionaid, déanta le cinntiú go bhfuil na timpeallachtaí leagtha amach go maith, le acmhainní a thaitníonn le leanaí.

Foireann Churaclaim a chuimsíonn cleachtóirí ó go leor leibhéil le Oibrithe Príomh-chúraim, Bainisteoirí Cúnta, Bainisteoirí an Ionaid agus Oibriúcháin curtha le chéile chun tacú le gach foireann.

- Bhí bileoga eolais eisithe freisin don fhoireann chun tacú le smaointe agus cruthaíocht chun acmhainní a roghnú.
- Cinntíonn an fhoireann anois go bhfuil leanaí ag suí sna cathaoireacha cearta curtha ar fáil dá n-aois agus compord.
- Tugann an timpeallacht fhisiceach agus ábhartha áiteanna céadfacha, samhlaíochta agus imeartha go leanaí.
- Ofrálann baill foirne torthaí do leanaí chun iteachán sláintiúil a mhealladh agus is cleachta leis an seirbhís ailtéarnach a chur ar fáil nuair nach n-itheann siad.
- Gach foireann curtha ar an eolas maidir le riachtanais iteacháin na leanaí agus ailtéarnacha ar fáil laistigh an roghchláir cuimsithigh.
- Tá sceideal laethúil anois i gcomhair ama lasmuigh do leanaí.
- Fuair gach ball foirne nuashonrú maidir leis an nós imeachta ceart chun leanaí a ardú de réir Polasaithe Bainistíochta Iompair na seirbhíse.

Sampla 3: Feabhas a chur ar shábháilteacht leanaí ag freastal ar an seirbhís

Seirbhís chúram lae brabúis curtha ar fáil i seirbhís chúram leanaí saincheaptha i gceantar tuaithe ar féidir leis freastal ar uasmhéid 85 leanaí ó 07.30 uair go dtí 18.00. Tá an duine freagrach bunaithe in oifig agus fostaíonn an tseirbhís 17 duine fásta ag obair go díreach leis na leanaí. Tá duais mór ag gach duine fásta a oibríonn sa seirbhís i gCúram agus Oideachas Luath-Óige.

Léaráid 6 Feabhas a chur ar an seirbhís chun tacaíocht níos fearr a thabhairt do shábháilteacht na leanaí

Neamh-chomhréireacht aitheanta ag an gCigire Luath-Óige

- Níor chuir an príomh-gheata a bhíonn mar bhac idir an tseirbhís agus bealach an bhóthair cosc ar imeacht leanbh réamhscoile gan mhaoirseacht ar an mbóthar.
- Bhí sreang steiréó lonnaithe in aice le limistéar clúdaithe le mataí sa seomraí leanaí laistigh aimsiú leanaí agus mar ghuais plúchtach nó truípeála. Bhí siosúr i gcoimeádán ar bhord íseal in aice le bealach isteach/amach an tseomra leanaí laistigh aimsiú leanaí agus mar ghuais gortaithe.
- Ní raibh aon bhac in áit ar an gcosán ón bpríomhdhoras ó áitribh chúram leanaí chuig an ngairdín príobháideach agus d'fhéadfadh leanaí gan mhaoirseacht rochtain a fháil ar an ngairdín príobháideach, áit ina raibh guaisí.
- Ní raibh níos slán déanta ag na daoine fásta roimh agus tar éis cluidíní a athrú. Ní raibh aerú maith go leor ar an dá chubhachail leithris.
- Ní raibh tagairt ag na taifid coimeáda maidir le seiceálacha codlata ar leanaí ar dhaoine fásta ag seiceáil datha nó análaithe na leanaí.

Feabhsuithe déanta mar thoradh leis an gcigireacht rialála

- Rinneadh príomh-gheata chuig an seirbhís a bhí idir an tseirbhís agus bealach an bhóthair níos slán nuair a chuireadh glas fraincín leis an mbolta.
- Bhí sreang steiréó lonnaithe in aice leis an limistéar clúdaithe le mataí sa seomra leanaí daingnithe leis an mballa.
- Bhí geata slán ardaithe ar an mbealach ó phríomhdhoras áitribh chúram leanaí go dtí gairdín príobháideach an tsoláthraithe cláraithe.
- Tá limistéar ar fáil anois i gcomhair naprúin indiúscartha ar an áitreabh chun athrú cluidíní a éascú do dhaoine fásta. Tugtar bosca bruscair le troitheán sa chubhachail leithris in aice leis an seomra Montessori. Thug an soláthraí cláraithe faisnéis do gach ball foirne maidir le níos slán déanta a dhéanamh roimh agus i ndiaidh cluidíní a athrú.
- Tá na gaothairí bhalla eastarraingteora ar an dá chubhachail leithris istigh in aice leis an seomra Montessori ag obair mar is cuí anois. Tá aerú maith go leor ar an dá chubhachail leithris anois.
- Bhí na taifid athbhreithnithe chun déileáil le gach gnéithe phartún codlata an linbh.

Samplaí eile le feabhsuithe díreacha ar shábháilteacht mar thoradh ar chigireacht:

- Geata sábháilteachta curtha ar fáil ar bhun na staighre.
- Glantaigh stóráilte anois i limistéar slán amach ó aimsiú leanaí.
- Dromchla an talaimh a mhaolaíonn turraingí sa limistéar imeartha lasmuigh.
- Cleachtaí dóiteáin déanta ag an seirbhís.
- Aonaid balla ancaraíthe.
- Doirse imeachta agus isteach slán chun iontráil neamhúdaraíthe a chosc agus bac a chur ar leanaí ó áitribh a fhágáil gan mhaoirseacht.
- Naprúin indiúscartha agus soláthair lámhainní vinile curtha ar fáil chun athrú cluidíní a éascú do dhaoine fásta.

- Socruithe ar an gcoire úsáidte chun uisce te rialaithe go teirmeastatach modhnaithe le cinntiú go bhfuil an t-uisce ón sconná smachtaithe ar theocht nach bhfuil níos airde ná 43 Celsius (chun riosca scallta a chosc agus leanaí ag ní a lámha).
- Tá lipéad anois ar gach leighis agus uachtair leasaithe le ainm cuí an linbh.
- Ní stóráiltear giuirléidí pearsanta an linbh ag freastal ar an seirbhís ar an talamh níos mó, ach tá áit ar fáil ar sheilf ard.
- Tá gach mataí sa seomra codlata in oiriúint do na cliabháin anois de réir moltaí i dTreoirlínte Dea-chleachtais “Codladh Sábháilte do Leanaí faoi 2” le haghaidh Áiseanna Chúram Leanaí.

Sampla 4: Feabhas a chur ar an seirbhís chun tacú níos fearr leis na áitribh agus áiseanna

Seirbhís chúram lae iomláine idir 07.30 agus 18.00 a fhreastalaíonn do leanaí idir 1 agus 6 bhliana d’aois. Áirítear le seirbhísí á gcur ar fáil ann cúram lae, cúram séasúir agus aois scoile do suas go dtí 70 leanaí. Tá an tseirbhís lonnaithe i limistéar cónaithe agus oibríonn seisear duine fásta sa seirbhís lena n-áirítear an soláthraí cláraithe agus ball foirne faoisimh. Tá cáilíochtaí chuí ag gach ball foirne i gCúram agus Oideachas Luath-Óige.

Léaráid 7 Tionchar an phróisis Cigireachta Luath-Óige ar áitribh agus áiseanna

Neamh-chomhréireachtaí leis na áitribh agus áiseanna aitheanta ag an gCigire Luath-Óige

- Bhí clúdaigh an téitheora sa seomra lapadáin damáistithe, bhí ceairn géara orthu agus bhí siad i ndrochstaíd deisiúcháin.
- Bhí lasc solais scaoilte sa seomra ECCE tugtha faoi deara lá na cigireachta, bhí an feistiú solais i ndrochstaíd deisiúcháin agus mar ghuais sábháilteachta féideartha freisin.
- Bhí sconná scaoilte freisin i limistéar sláintíochta leanaí in aice leis an seomra lapadáin. Ní raibh an limistéar doirtil timpeall an sconná sin séalaithe agus bhí riosca ann do scaipeadh ionfhabhtaithe.
- Fianaise de phéint slisnithe ar bhallaí agus troscán (seilfeanna leabhair), clúdaigh téitheoirí i seomraí ECCE.
- Bhí damáiste ar na cathaoireacha agus urlár agus ní féidir iad a choinneáil ar bhail glan sláinteach.
- Líon míchuí doirtil níocháin láimhe sa limistéar sláinteachais. Ní raibh aon dara doirteal níocháin láimhe do leanaí ag freastal ar an seomra lapadáin le haghaidh níocháin éifeachtaí láimhe chun scaipeadh

Feabhsuithe déanta mar thoradh leis an gcigireacht rialála

- Deisiúchán déanta ar na clúdaigh téitheoirí.
- Bhí an lasc solais sa seomra ECCE deisithe.
- Deisiúchán déanta freisin ar an limistéar sláinteachais sa seomra lapadáin agus an limistéar doirtil timpeall an sconná séalaithe.
- Bhí ballaí agus troscán glanta.
- Bhí cathaoireacha áirithe athchurtha.
- Bhí glanadh domhain déanta ar an urlár damáistithe (smálú sceite) agus bhí sé clúdaithe le mata toisc nár féidir an smál a choinneáil faoi smacht gan an urlár ar fad a athchur.
- Bhí doirteal breise curtha ar fáil.
- Tá an soláthraí cláraithe tiomanta chun monatóireachta ar na ceisteanna a eascraíonn.

Samplaí eile ar fheabhsuithe déanta mar thoradh ar an gcigireacht rialála ar na áitribh agus áiseanna:

- Claíocha agus geata ardaithe chun sábháilteacht leanaí a chinntiú.
- Aerú feabhsaithe lena n-áirítear gach gaothaire a ghlanadh.
- Oiriúintí sláinteachais breise suiteáilte, lena n-áirítear doirtíl agus leithris.
- Glanadh domhain déanta ar limistéir sonracha agus tiomantas chun an foirgneamh a choinneáil ar bhail glan.
- Ballaí nite agus péinteáilte áiteanna is gá.
- Téamhú cuí an t-am go léir.
- Panaí fuinneoige briste athchurtha.
- Limistéir dubha tais iniúchta, deisithe agus cóireáilte agus sceite deisithe.
- Gach urlár san fhoirgneamh nite go leanúnach ar bhonn laethúil agus na urláir sna áiseanna sláinteachais nite dhá uair in aghaidh an lae.
- Bréagáin briste bainte.

Achoimre

In achoimre, tarlaíonn an próiseas CAPA nuair a aithnítear neamh-chomhréireachtaí ar chigireacht agus tugtar deis don soláthraí cláraithe chun a leagan amach conas a mbeifear ag déileáil le neamh-chomhréireachtaí. Roghnaigh anailís ar 500 rialachán roghnaithe mar neamh-chomhréireach ag EYI i ndiaidh críochnaithe an phróisis CAPA, gur aithníodh an chuid is mó rialacháin mar chomhréireach (85.4%; n = 429). Leis sin, tuairiscíodh gur déileáileadh le comhréireacht ar 3.6% eile (n = 18) rialacháin ach bhí luaite go mbeadh sé sin deimhnithe ar an gcéad chigireacht eile ag EYI. Lean timpeall 10.6% (n = 53) de rialacháin neamh-chomhréireach i ndiaidh an próiseas CAPA a chríochnú.

Cuid 4: Fógraí um ghníomhú láithreach

Príomh-phointí

Cuireadh 197 fógra um ghníomhú láithreach maidir leis na rialacháin a ndearnadh measúnú orthu in 2018 leis an anailís seo. Bhí triain níos lú fógraí um ghníomhú láithreach curtha sna rialacháin a fuair measúnú in 2019 ar iomlán 110 tuarascáil.

- Ba iad na fógraí um ghníomhú láithreach ba dhóchúla le aithint i dtuarascálacha cigireachta ná:
 - Sa réigiún DML (31% de gach fógra eisithe in 2018 agus 32.7% de gach fógra eisithe in 2019),
 - Seirbhísí chúram lae iomláine (73.6% fógra eisithe in 2018 agus 56.4% in 2019)
 - Seirbhísí le 0 go 5 fostaí a chomhdhéan timpeall leath de gach fógraí um ghníomhú láithreach eisithe
 - do sheirbhísí brabúis (78.6% in 2018 agus 82.5% in 2019)

Is dóchúla go bhfuil seirbhísí neamh-chomhréireach nuair a eisítear fógraí um ghníomhú láithreach dóibh.

- Ba é líon meánach na rialachán neamhchomhréireachta sna tuarascálacha sin ná 5.14 i gcomparáid le timpeall 1.8 aimsithe in anailís fhoriomlán ar thuarascálacha (1.73 in 2018 agus 1.91 in 2019).

D'fhan an béim ar na fógraí mar an gcéanna an dá bhliain sin.

- Chuimsigh Rialachán 9 (Bainistíocht agus earcaíocht) timpeall 55.4% de gach fógraí agus bhain an príomh-cheist le neamhchomhréireacht maidir le pearsanra gan a bheith profa ag na Gardaí.
- Ina dhiaidh sin, Rialachán 23 (sláinte, sábháilteacht agus leas an linbh a chosaint) a chomhdhéan timpeall ceathrú de gach fógraí eisithe (24%). Laistigh an rialacháin sin, bhí beagán níos mó ná triain de na fógraí eisithe maidir le codladh neamhslán cé gur eascraigh raon leathan ceisteanna.

Forléargas

Nuair a bhíonn eachtraí neamh-chomhréireachta leis na rialacháin, aitheanta mar chuid de phróiseas cigireachta a nglacann an Cigire Luath-Óige leis mar riosca suntasach do shláinte agus sábháilteacht agus leas na leanaí sa seirbhís, eisítear Fógra um Ghníomhú Láithreach. Díríonn an Fógra um Ghníomhú Láithreach an soláthraí cláraithe chun gníomh a ghlacadh láithreach maidir leis an gceist sonrach. Nuair a chuirtear tú le fógraí um ghníomhú láithreach, déantar taigead orthu sa tuarascáil Cigireachta Luath-Óige.

Léiríonn an chuid seo anailís cháinníochta ar ghnéithe na seirbhísí ina raibh fógraí um ghníomhú láithreach eisithe maidir le gach rialacháin a ndearnadh anailís orthu mar neamh-chomhréireach i dtuarascálacha 2018 agus 2019 soláthraithe i gcomhair anailíse. Tugann an chuid a leanas mionsonraí ar na rialacháin a raibh fógraí um ghníomhú láithreach eisithe timpeall orthu agus tugann an chuid conclúid le samplaí ag eascrú ó na fógraí eisithe.

Coinníollacha seirbhísí

Bhí os cionn 300 (n = 307) fógra um ghníomhú láithreach curtha leis an anailís sin agus chomhdhéin iad sin eisithe in 2018 beagnach dhá thriain (64.2%; 197). Bhí céad is a deich fógra um ghníomhú láithreach eisithe i dtuarascálacha 2019 curtha leis an anailís seo a chuimsíonn 35.8% den iomlán.

Bhí beagnach gach fógra um ghníomhú láithreach eisithe le linn cigireachtaí gan fógra le seacht bhfógra amháin eisithe le linn cigireachtaí fógartha in 2018 agus dhá chigireacht fógartha in 2019.

Cuirtear príomh-ghnéithe le seirbhísí ina raibh na fógraí sin eisithe ar fáil anois.

Dáileachán geografach na seirbhísí eisithe le fógraí um ghníomhú láithreach

Ba é an réigiún leis an líon ba mhó fógraí um ghníomhú láithreach in 2018 ná DML (n = 61; 31%), agus ina dhiaidh sin DNE (n = 52; 26.4%). Bhí timpeall ceathrú de na fógraí sin eisithe le seirbhísí i limistéir an Iarthais (n = 48; 24.4%). Bhí an líon ba lú sa nDeisceart (n = 36; 18.3%) (Tábla 2).

Tábla 2 Líon agus céatadán na bhfógraí um ghníomhú láithreach de réir réigiúin i dtuarascálacha 2018 agus 2019 curtha leis an anailís seo

	2018		2019		Iomlán
	Líon	%	Líon	%	
DML	61	31%	36	32.7%	97 (31.6%)
DNE	52	26.4%	16	14.5%	68 (22.1%)
Deisceart	36	18.3%	32	29.1%	68 (22.1%)
Iarthar	48	24.4%	26	23.6%	74 (24.1%)
	197	100%	110	100%	307 (100%)


Nóta: D'fhéadfadh céatadáin gan 100% a chomhdhéanamh i ngeall ar shlánú

Ba é an réigiún leis an líon ba mhó fógraí um ghníomhú láithreach in 2019 ná an réigiún DML (n = 36; 32.7%). Ba é an réigiún leis an líon ba mhó fógraí um ghníomhú láithreach in 2019 ná an réigiún DME (n = 16; 14.5%). Bhí timpeall ceathrú de gach fógraí um ghníomhú láithreach eisithe in 2019 i seirbhísí i réigiún an Iarthair (n = 26; 23.6%) agus timpeall 30% (n = 32; 29.1%) sa Dheisceart (Tábla 2).

Cineálacha seirbhísí

In 2018, bhí beagnach trí cheathrú (73.6%; n = 145) de na fógraí um ghníomhú láithreach eisithe maidir le rialacháin measúnaithe i seirbhísí chúram lae iomláine, 15% (15.2%; n = 30) i dtuarascálacha seirbhísí séasúracha agus beagnach ceann i ngach deich gcinn (8.6%; n = 17) i dtuarascálacha ar sheirbhísí páirt-aimseartha. Bhí cúig fhógra um ghníomhú láithreach (2.5%) eisithe maidir le rialacháin measúnaithe i seirbhísí feighlí linbh (Léaráid 8).

Léaráid 8 Fógraí um ghníomhú láithreach de réir cineáil seirbhíse in 2018 agus 2019



Nóta: D'fhéadfadh céatadáin gan 100% a chomhdhéanamh i ngeall ar shlánú

Bhí díreach os cionn leath de na 110 fógra um ghníomhú láithreach eisithe in 2019 (56.4%; n = 62) i dtuarascálacha ar rialacháin i seirbhísí chúram lae iomláine, timpeall triain (33.6%; n = 37) i dtuarascálacha i seirbhísí shéasúracha agus 6% (6.4%; n = 7) i dtuarascálacha ar rialacháin i seirbhísí páirt-aimseartha. Bhí ceithre fhógra um ghníomhú láithreach eisithe i dtuarascálacha ar sheirbhísí feighlí linbh (3.6%).

Méid na seirbhíse

Bhí idir 46.7% (2018) agus 57.3% (2019) fógraí um ghníomhú láithreach eisithe maidir le rialacháin measúnaithe i seirbhísí a thuairiscigh 0-5 fostaí. Bhí timpeall 8.6% (n = 17) de na fógraí eisithe san anailís 2018 eisithe go seirbhísí le níos mó ná 20 fostaí agus coibhneas cosúil (9.1%) eisithe go seirbhísí le níos mó ná 20 fostaí in 2019. Bhí timpeall ceathrú de na fógraí (24.4%; n = 48) eisithe maidir le rialacháin curtha leis an anailís 2018 do sheirbhísí le 6-10 fostaí agus bhí an coibhneas sin cosúil (22.7%; n = 25) dóibh sin curtha leis an anailís 2019 (Tábla 3).

Tábla 3 Líon agus céatadán na bhfógraí um ghníomhú láithreach in 2018 agus 2019 de réir líon na bhfostaithe

	Líon na bhfógraí eisithe in 2018	% na bhfógraí eisithe in 2018	Líon na bhfógraí eisithe in 2019	% na bhfógraí eisithe in 2019	Líon iomlán na bhfógraí eisithe
0-5 fostaí	92	46.7%	63	57.3%	155
6-10 fostaí	48	24.4%	25	22.7%	73
11-20 fostaí	40	20.3%	12	10.9%	52
Níos mó ná 20 fostaí	17	8.6%	10	9.1%	27
Iomlán	197	100%	110	100%	307

Nóta: D'fhéadfadh céatadáin gan 100% a chomhdhéanamh i ngeall ar shlánú

Gnéithe eile na seirbhísí

Bhí faisnéis curtha ar fáil ar stádas brabúis do 98% (n = 301) na seirbhísí aitheanta san anailís seo mar eisithe le fógra um ghníomhú láithreach. Astu sin, bhí 192 in 2018 agus 109 in 2019. San anailís 2018, bhí 78.6% (n = 151) den 192 fógra um ghníomhú láithreach eisithe do sheirbhísí bhrabúis agus in 2019, nócha (82.5%) den 109 tuarascáil aitheanta mar bhrabúis.

Bhí faisnéis ar fáil maidir le foráil aois scoile le haghaidh 172 den 197 seirbhís eisithe le fógraí um ghníomhú láithreach in 2018 agus 105 den 110 seirbhís in 2019. As an 61.1% (n = 105) fógra um ghníomhú láithreach sin in 172 tuarascáil, bhí an anailís 2018 eisithe do sheirbhísí a chuireann seirbhísí aois scoile ar fáil freisin agus bhí 38.9% eisithe do sheirbhísí nach gcuireann. In 2019, bhí an coibhneas sin níos ísle (52.3%; 55) sna 105 tuarascáil ina raibh faisnéis ar fáil maidir le seirbhísí aois scoile.

Bhí faisnéis ar fáil le deimhniú go raibh/nach raibh seirbhís iolrach ar fáil maidir leis an 193 seirbhís in 2018 agus 109 in 2019. Bhí an chuid is mó (85.4%; n = 165) fógraí um ghníomhú láithreach i dtuarascálacha 2018 san anailís sin eisithe do sheirbhísí shingil agus 14.5% amháin (n = 28) maidir le seirbhís a bhí mar chuid de sheirbhís iolrach. Aithníodh cúinsí cosúla in 2019 nuair a bhí 79.8% (n = 87) fógraí um ghníomhú láithreach eisithe do sheirbhísí shingil agus 20.1% (n = 22) eisithe maidir le seirbhís a bhí mar chuid de sheirbhís iolrach.

Leibhéil ginearálta neamh-chomhréireachta

Thar an 307 tuarascáil ina raibh fógraí um ghníomhú láithreach eisithe, chuaigh líon na rialachán neamh-chomhréireachta ó 1-15 le meán ag 5.14. Is fiú a lua go bhfuil sé sin cuid mhaith níos airde ná líon na rialachán neamh-chomhréireachta san anailís fhorleathan ar thuarascálacha cigireachta nuair a bhí an meán níos lú ná 2 (1.73 in 2018 agus 1.91 in 2019). Léiríonn sin go bhfuil seirbhísí neamh-chomhréireach nuair a eisítear fógraí um ghníomhú láithreach dóibh thar réimse rialacháin.

Béim na bhfógraí um ghníomhú láithreach

Ar iomlán, aithníodh 307 fógra um ghníomhú láithreach san anailís ar thuarascálacha. In 2018, eisíodh 197 fógra um ghníomhú láithreach agus in 2019 bhí 110 ceann, laghdú timpeall triain. Thar an dá bhliain, áfach, d'fhan na réimsí neamh-chomhréireachta cosúil.

Chuimsigh rialachán 9 (n = 170) don líon ab airde fógraí um ghníomhú láithreach eisithe ar an dá bhliain i ndiaidh Rialachán 23 (n = 74). Tugtar thíos ceisteanna a d'eascairigh maidir le gach rialachán bainteach le béim an fhógra um ghníomhú láithreach.


Tábla 4 Líon agus béim na bhfógraí um ghníomhú láithreach eisithe 2018 agus 2019 curtha leis an anailís seo

Uimhir an rialacháin	Béim an rialacháin	2018 Líon na bhfógraí um ghníomhú láithreach	2019 Líon na bhfógraí um ghníomhú láithreach	Líon iomlán na bhfógraí um ghníomhú láithreach	Ceisteanna a d'eascairigh
8	Fógra ar athrú sna cúinsí	1	0	1	Níos mó leanaí ag freastal ar an seirbhís ná a cheadaíonn an taifead (n = 1)
9	Bainistíocht agus earcaíocht	114	56	170	Gach fógra seolta do ghrinnfhiosrúchán na nGardaí nach raibh i bhfeidhm do bhaill foirne (n = 170)
11	Leibhéil foirne	9	3	12	Cóimheas duine fásta leanbh ró-íseal (n = 12)
15	Taifead ar leanbh réamhscoile	1	0	1	Foirmeacha clárúcháin do leanaí ag freastal ar an seirbhís neamhiomlán (n = 1)
16	Taifead maidir le seirbhís réamhscoile	3	0	3	Polasaithe míchuí (n = 2); taifead ar fhreastal neamhleor (n = 1)
19	Sláinte, leas agus forbairt an linbh	5	3	8	Tacaíochtaí bhreise ag teastáil do leanaí le riachtanais speisialta (n = 1); bainistíocht ar iompar (n = 3); ceisteanna a d'eascairigh maidir le athrú clúidíní (n = 1); cleachtaí baolacha le leanaí (n = 1); go leor ceisteanna (n = 1); cleachtaí codlata baolacha (n = 1)
20	Áiseanna sosa agus imeartha	3	0	3	Áiseanna míchuí do sos agus codladh (n = 2); limistéar imeartha lasmuigh míchuí (n = 1)
23	Sláinte, sábháilteacht agus leas an linbh a chosaint	39	35	74	Codladh míchuí (go háirithe bainteach le teocht an tseomra) (n = 27); go leor ceisteanna (n = 11); Sábháilteacht dhóiteáin (n = 10); sreanga dallóga baolacha (n = 10) (m.s. rochtain ar an seirbhís, bainistíocht ar ailléirge, ceisteanna smachtaithe ionfhabhráithe, bac ar

Uimhir an rialacháin	Béim an rialacháin	2018 Líon na bhfógraí um ghníomhú láithreach	2019 Líon na bhfógraí um ghníomhú láithreach	Líon iomlán na bhfógraí um ghníomhú láithreach	Ceisteanna a d'eascaigh
					bhealaigh éalaithe, limistéar imeartha baolach, inmhíolú creimirí, iompair leanaí, uisce ró-the)
25	Garchabhair	3	3	6	Duine le oiliúint sa gharchabhair gan a bheith ar fáil an t-am ar fad sa tseirbhís (n = 6)
26	Bearta sábháilteachta dóiteáin	2	4	6	Gan cloí le sábháilteacht dhóiteáin (n = 6)
28	Árachas	3	0	3	Teastas árachais gan a bheith ar fáil sa tseirbhís lá na cigireachta (n = 3)
29	Áitribh	10	6	16	Teocht an uisce ró-the (n = 4) nó ró-fhuar (n = 8); clár glantacháin gan tuairisciú (n = 1); áiseanna sláinteachais míchuí (n = 3)
30	Íosmhéid riachtanais spáis	4	0	4	Seirbhís ró-phlódaithe (n = 4)
Iomlán		197	110	307	

De réir luaite ag Tábla 4 bhí beagnach 90% (88.9%) de na fógraí um ghníomhú láithreach thar an dá bhliana eisithe maidir le ceithre rialachán, is iad sin Rialachán 9 (55.4%), Rialachán 23 (24.1%), Rialachán 29 (5.2%) agus Rialachán 11 (3.9%). Tá sé sin léirithe i Léaráid 9.

Léaráid 9 Céatadán na bhfógraí um ghníomhú láithreach eisithe de réir uimhir an rialacháin



Nóta: D'fhéadfadh céatadán gan 100% a chomhdhéanamh i ngeall ar shlánú

Samplaí ar phríomh-cheisteanna ag eascrú

Cuirtear anois san áireamh na príomh-cheisteanna ag eascrú maidir leis an dá phríomh-rialachán a raibh fógraí um ghníomhú láithreach eisithe maidir leo i dteannta le gníomhartha ceartaitheacha agus coiscitheacha agus torthaí.

Rialachán 9


Cuimsíonn rialachán 9 os cionn leath de gach fógraí um ghníomhú láithreach (n = 170) eisithe agus léiríonn anailís gur déileáil le 85% de gach cás neamh-chomhréireachta ar bhealach sásúil.

Samplaí ar cheisteanna ag eascrú	Torthaí
- Ní raibh grinnfhiosrúchán na nGardaí déanta ar thriúr duine fásta ar fáil don chigireacht. - Ní raibh grinnfhiosrúchán na bpóilíní ar fáil maidir le beirt duine fásta a d'oibrigh lasmuigh den dlínse ar tréimhse níos faide ná sé mhí leanúnach. - Ní raibh nochtuithe grinnfhiosrúcháin na bPóilíní Idirnáisiúnta aistrithe go Béarla don triúr duine fásta sin agus dá réir ní raibh siad intuigthe.	- Déileáil leis an neamh-chomhréireacht ar bhealach sásúil (n = 145; 85.3%). - Níor dhéileáil leis an neamh-chomhréireacht ar bhealach sásúil (n = 15; 8.8%). - Eile (5.9%; n = 10): seirbhís dúnta (n = 2); duine aonair nach bhfuil ag obair sa tseirbhís a thuilleadh (n = 3); duine aonair nach bhfuil ar obair le leanaí go dtí go bhfaightear grinnfhiosrúchán na nGardaí (n = 5).

Rialachán 23

Baineann an rialachán leis an líon is airde neamh-chomhréireachtaí le Rialachán 23 (n = 74) a dhíríonn ar shláinte, sábháilteacht agus leas an linbh a chosaint. Tugtar na ceisteanna a d'eascairigh i Léaráid 10 a thaispeánann na ceisteanna a bhaineann le codladh sámh (36.5%; n = 27) a chomhdhéanann níos mó ná triain de na fógraí um ghníomhú láithreach, go leor ceisteanna a bhaineann le sábháilteacht na leanaí (14.9%; n = 11), sreanga (13.5%; n = 10) agus sábháilteacht dhóiteáin (13.5%; n = 10).

Léaráid 10 Céatadán ar go leor ceisteanna a d'eascairigh maidir le Rialachán 23



Nóta: D'fhéadfadh céatadáin gan 100% a chomhdhéanamh i ngeall ar shlánú

Aithníodh go leor ceisteanna (16; 21.6%) maidir leis an gcatagóir 'eile' agus léirítear iad sin i dTábla 5.

Tábla 5 Ceisteanna curtha leis faoi chatagóir 'eile'

Ceist a d'eascairigh	Líon	% foriomlán
Smachtú ionfhabhtaithe	3	4.1
Uisce ró-the	4	5.1
Iompair leanaí	2	2.7
Rochtain baolach	2	2.7
Rochtain	1	1.4
Bainistíocht ar ailléirgí	1	1.4
Bac ar bhealaí amach	1	1.4
Limistéar imeartha lasmuigh	1	1.4
Riosca bhéim ghréine	1	1.4
Iomlán	16	21.6

Nóta: D'fhéadfadh céatadáin gan 100% a chomhdhéanamh i ngeall ar shlánú

Is féidir teacht ar shampla de conas a dhéileáiltear le ceisteanna a d'eascaigh maidir le codladh sámh leis an eisiúint fógra um ghníomhú láithreach i Léaráid 11.

Léaráid 11 Freagra don fhógra um ghníomhú láithreach maidir le codladh sámh

Bhí teochtaí an tseomra ar an trí sheomra codlata taifeadta idir 22.6 °Celsius agus 25.7 °Celsius le linn dhá lá cigireachta. Tá teocht an tseomra codlata molta idir 16 °Celsius agus 20 °Celsius.

1) Cuireadh in iúl don fhoireann maidir le teochtaí níos arda. 2) Cuireadh feain fuaraithe i ngach seomra codlata. 3) Bhí fuinneoga agus doirse oscailte chun na seomraí a fhuarú go gasta. 4) Tugadh monatóireacht dhlúth ar gach leanbh. 5) Bhí líon na mblaincéad do leanaí laghdaithe. 6) Cuireadh glao ar an bhfoireann chothabhála láithreach agus laghdaíodh na amanna téamhaithe mar aon leis an teirmeastat.

Rinneadh athbhreithniú ar an CAPA agus fianaise agus déileáileadh mar is cuí leis na neamh-chomhréireachtaí agus bearta curtha leis chun eachtra eile sa todhchaí a chosc.

Torthaí a d'eascaigh ó Rialachán 23

Bhí timpeall trí cheathrú de na fógraí um ghníomhú láithreach (75.7%) réitithe go sásúil tríd an bpróiseas CAPA agus 6.7% eile (n = 5) réitithe ar bhealach sásúil ach deimhniúchán ag teastáil uathu ag an gcéad chigireacht eile. Ní raibh an cheist réitithe in 13.6% (n = 10) cásanna. I dtrí chás tugadh faoi deara go raibh an tseirbhís dúnta.

Tábla 6 Torthaí ón bhfógra um ghníomhú láithreach

Toradh	Líon	%
Déileáil le neamh-chomhréireacht	56	75.7
Níor dhéileáil le neamh-chomhréireacht ⁵	10	13.6
Déileáil le neamh-chomhréireacht ach gan deimhniúchán	5	6.7
Seirbhís dúnta	3	4
Iomlán	74	100

Nóta: D'fhéadfadh céatadán gan 100% a chomhdhéanamh i ngeall ar shlánú

Achoimre

Léirigh an chuid seo anailís ar fhógraí um ghníomhú láithreach eisithe nuair a ghlacann an Cigire Luath-Óige leis go gcuireann eachtraí neamh-chomhréireachta leis na rialacháin riosca ar shláinte, sábháilteacht agus leas na leanaí sa seirbhís. I dtuarascálacha 2018 anailísithe, bhí measúnú tugtha ar 7,863 rialachán measúnaithe agus i dtuarascálacha measúnaithe 2019 bhí 8,625 rialachán measúnaithe. Ar iomlán bhí 307 fógra um ghníomhú láithreach agus astu sin bhí 197 (64.2%) eisithe in 2018 agus 110 (36%) eisithe in 2019.

Fógraí um ghníomhú láithreach ba dhóchúla le aithint i dtuarascálacha cigireachta ná i réigiún DML (31% de gach fógra eisithe in 2018 agus 32.7% de gach fógra eisithe in 2019), In 2018 chuimsigh réigiún an Deiscirt (18.3%) an líon ba lú fógraí um ghníomhú láithreach, agus in 2019 bhí an líon ba lú i réigiún an Iarthair (23.6%). Tá seirbhísí chúraim lae níos dóchúla le bheith eisithe le fógraí um ghníomhú láithreach agus in 2018, chuimsigh an cineál seo seirbhíse 73.6%, agus chuimsigh sé níos mó ná leath in 2019 (56.4%). Seirbhísí le 0 go 5 fostaí a chomhdhéan timpeall leath de gach fógraí um ghníomhú láithreach eisithe Bhí an chuid is mó fógraí eisithe do sheirbhísí brabúis (78.6% in 2018 agus 82.5% in 2019) agus tá an coibhneas sin cosúil leis an gceann aimsithe in anailís fhoriomlán ar thuarascálacha.

Tá seirbhísí ina n-eisítear fógraí um ghníomhú láithreach dóibh níos dóchúla le bheith neamh-chomhréireach agus bhí líon meánach na rialachán neamhchomhréireachta sna tuarascálacha sin ná 5.14 i gcomparáid le timpeall 1.8 aimsithe in anailís fhoriomlán ar thuarascálacha (1.73 in 2018 agus 1.91 in 2019). I gcodarsnacht, bhí laghdú timpeall triain i líon na bhfógraí um ghníomhú láithreach eisithe in 2019 thar 2018, agus béim na bhfógraí ag fanacht mar an gcéanna. Chuimsigh Rialachán 9 (Bainistíocht agus earcaíocht) timpeall 55.4% de gach fógraí agus bhain an príomh-cheist le neamhchomhréireacht maidir le pearsanra gan a bheith profa ag na Gardaí. Ina dhiaidh sin, Rialachán 23 (sláinte, sábháilteacht agus leas an linbh a chosaint) a chomhdhéan timpeall ceathrú de gach fógraí eisithe (24%). Laistigh an rialacháin sin, bhí beagán níos mó ná triain de na fógraí eisithe maidir le codladh neamhslán cé gur eascraigh raon leathan ceisteanna.

⁵Seoltar neamh-chomhréireachtaí nár déileáil leo tríd an bpróiseas CAPA i gcomhréir le polasaí comhréireachta rialála na cigireachta luath-óige:
https://www.tusla.ie/uploads/content/Early_Years_Inspectorate_Enforcement_Policy.pdf

Cuid 5: Coinníollacha ceangailte leis an gclárúchán

Príomh-phointí

Bhí coinníollacha ceangailte le 206 seirbhís (13.2%) le 1,557 tuarascáil ar sheirbhísí san anailís 2018 agus 140 seirbhís (10%) leis an 1,451 tuarascáil ar sheirbhísí san anailís 2019

- In 2018, bhí seirbhísí i réigiún an lathair san áireamh i gcomhair 15.5% (n = 32) amháin de na tuarascálacha le coinníollacha ceangailte le seirbhísí toisc go raibh sin níos ísle ná iad sin sa DNE (30.6%) agus DML (29.6%) réigiún.
- San anailís 2019, bhí timpeall triain de na seirbhísí le coinníollacha ceangailte sa réigiún DML (32.1%; n = 45) i gcomparáid le níos lú ná 20% (n = 25; 17.9%) ón réigiún DNE.

Seirbhísí aitheanta sna tuarascálacha mar níos dóchúla go mbeadh coinníollacha leo

- do sheirbhísí chúram lae iomláine (60.2% in 2018 agus 52.9% in 2019),
- do sheirbhísí brabúis (77.5% in 2018 agus 78.9% in 2019),
- Seirbhísí a thugann seirbhísí aoise scoile chomh maith (52.7% in 2018 agus 52.2% in 2019),
- do sheirbhísí singil (81.1% in 2018 agus 86.1% in 2019) agus
- Seirbhísí le 0-5 fostaí

Ar meán, tá líon níos mó rialacháin neamh-chomhréireachta ag tuarascálacha ar sheirbhísí le coinníollacha ceangailte (4.29 in 2018 agus 2019) i gcomparáid le tuarascálacha na seirbhísí nach bhfuil coinníoll ceangailte leo.

- Na rialacháin is dóchúla go mbeidh siad aitheanta ná Rialachán 9 (87 in 2018 agus 49 in 2019), Rialachán 23 (64 in 2018 agus 34 in 2019), 58G Acht Gníomhaireachta um Leanaí agus Teaghlach 2013 (49 in 2018 agus 48 in 2019) agus Rialachán 29 (31 in 2018 agus 11 in 2019).

Forléargas

Déanann Airteagal 58D le Cuid 12 an Achta Gníomhaireachta Leanaí agus Teaghlaigh 2013⁶ forálacha chun go mbeidh soláthraí cláraithe le coinníoll nó coinníollacha le bheith ceangailte leis an gclárúchán sin.

Dá bhrí sin, is próiseas dlíthiúil é an próiseas forfheidhmithe agus d'fhéadfadh sé eascrú i gcur i bhfeidhm coinníollacha clárúcháin, baint ón taifead seirbhísí luath-óige, nósanna imeachta cúirte, agus/nó ionchúiseamh.

Mar chuid den phróiseas seo, d'fhéadfadh an Chigireacht Luath-Óige tairiscint a dhéanamh chun coinníoll a cheangal leis an gclárúchán ar an seirbhís luath-óige. Is é an aidhm ná bealach a fháil don soláthraí chun aghaidh a thabhairt ar an neamhchomhlíonadh Tá sé éigeantach do soláthraí cloí le coinníoll comhlíonta. D'fhéadfadh coinníollacha baint le conas is féidir leis an seirbhís oibriú, gaolta go díreach le neamh-chomhréireacht aitheanta sa seirbhís. Mar shampla, d'fhéadfadh coinníoll a bhunú nach féidir leis an seirbhís leanaí faoi bhun aoise áirithe a bheith acu sa seirbhís go dtí am ar leith de réir is a réitítear ceisteanna áirithe agus/nó cloítear le critéir áirithe. Go haitéarnach, d'fhéadfadh coinníollacha iarradh ar an seirbhís fianaise a sholáthar ar ghníomhartha ceartaitheacha glactha chun dul i ngleic le neamh-chomhréireacht laistigh tréimhse sonraithe. Sula mbíonn coinníollacha ceangailte, beidh deis ag an soláthraí cláraithe a léiriú conas a réitíodh na ceisteanna/rioscaí ábhartha. Tá ceart ag an soláthraí cláraithe uiríoll a dhéanamh do Tusla maidir leis an tairiscint ar choinníoll nó achomharc ar an tairiscint tríd an gcúirt dúiche.

Líon ginearálta na gcoinníollacha aitheanta i dtuarascálacha a ndearnadh anailís orthu in 2018 agus 2019


Bhí coinníollacha ceangailte le 206 seirbhís (13.2%) le 1,557 tuarascáil ar sheirbhísí san anailís 2018 agus 140 seirbhís (10%) leis an 1,389 tuarascáil ar sheirbhísí san anailís 2019

Dáileachán réigiúnach na gcoinníollacha clárúcháin

In 2018, chuimsigh réigiún an Iarthair 15.5% amháin (n = 32) de thuarascálacha le coinníollacha ceangailte le seirbhísí. Bhí an chionroinnt ab airde tuarascálacha le coinníollacha ceangailte le seirbhísí sa DNE (30.6%; n = 63) agus DML (19.6%; n = 61). Chuimsigh réigiún an Deiscirt timpeall ceathrú na dtuarascálacha (24.3%; n = 50) le coinníollacha ceangailte (Léaráid 12).

⁶ <http://www.irishstatutebook.ie/eli/2013/act/40/section/92/enacted/en/html#part12>

Léaráid 12 Dáileachán réigiúnach na seirbhísí le coinníollacha ceangailte do 2018 agus 2019



Nóta: D'fhéadfadh céatadáin gan 100% a chomhdhéanamh i ngeall ar shlánú

San anailís 2019, bhí timpeall triain de na seirbhísí le coinníollacha ceangailte sa réigiún DML (32.1%; n = 45) i gcomparáid le níos lú ná 20% (n = 25; 17.9%) ón réigiún DNE. Bhí timpeall ceathrú de thuarascálacha ar sheirbhísí le coinníollacha ceangailte lena gclárúchán sa Dheisceart (n = 32; 22.9%) agus Iarthar (n = 38; 27.1%). Thar tréimhse dhá bhliana, chuimsigh réigiún DML 30.6% (n = 106), agus DNE 25.4% (n = 88), Deisceart do 23.7% (n = 82) agus Iarthar do 20.2% (n = 70) na dtuarascálacha ar sheirbhísí le coinníollacha ceangailte san anailís seo.

Gnéithe na seirbhísí

Bhí faisnéis ar fáil maidir le stádas brabúis do 200 seirbhís le coinníollacha ceangailte dá gclárúchán in 2018 agus astu sin, bhí timpeall trí cheathrú brabúis (n = 155; 77.5%) i gcomparáid le 22.5% (n = 45) seirbhísí neamh-brabúis.

Tábla 7 stádas brabúis na seirbhísí le coinníollacha ceangailte lena gclárúchán

Cineál seirbhíse	Líon 2018	% 2018	Líon 2019	% 2019
Neamh-Bhrabúis	45	22.5	29	21%
Brabúis	155	77.5	109	78.9%
Iomlán	200	100	138	99.9%

Nóta: D'fhéadfadh céatadáin gan 100% a chomhdhéanamh i ngeall ar shlánú

Bhí na torthaí sin cosúla in 2019 agus níos mó ná trí cheathrú de thuarascálacha ar sheirbhísí tuairiscithe le coinníollacha ceangailte lena gclárúchán ar son brabúis (n = 109; 78.9%) i gcomparáid le 21% (n = 29) nó seirbhísí neamh-brabúis.

Bhí faisnéis ar fáil ar cén seirbhísí a thug seirbhísí aoise scoile freisin do 186 seirbhís in 2018. Thug beagnach 100 de thuarascálacha seirbhísí (n = 98; 52.7%) le coinníollacha ceangailte seirbhís aoise scoile freisin, agus níor thug 88 (47.3%).

I sonraí 2019, bhí an fhaisnéis sin ar fáil maidir le 132 seirbhís agus astu sin, thuairiscíodh gur thug 52.2% (n = 69) seirbhís aoise scoile freisin, agus níor thug 47.8% (n = 63).

Bhí faisnéis ag rá an raibh seirbhís mar chuid de 201 seirbhís in 2018 agus astu sin, timpeall ceann i ngach cúig (18.9%; n = 38) ceann le go leor seirbhísí, agus ní raibh os cionn 80% (n = 163; 81.1%). D'eascraigh cúinse cosúil in 2019, nuair a bhí 13.9% (n = 19) as an 137 seirbhís don fhaisnéis sin ar fáil tuairiscithe le bheith mar cheann de go leor seirbhísí agus ní raibh an chuid is mó seirbhísí (n = 118; 86.1%).

Cineálacha seirbhíse

In 2018, bhí timpeall 60% (60.2%; n = 124) de thuarascálacha ar sheirbhísí le coinníollacha ceangailte ina chúram lae iomláine agus ina dhiaidh sin bhí seirbhísí shéasúracha a chuimsigh timpeall 30% (n = 64; 31.1%). Aithníodh cúig déag (7.3%) seirbhís páirt-aimseartha agus trí (1.5%) sheirbhís fheighlí linbh san anailís (Tábla 8).

Tábla 8 Líon agus céatadán le cineálacha difriúla seirbhísí le coinníollacha ceangailte le clárúchán in anailís 2018 agus 2019

		Feighlí linbh	Buail isteach	Lá Iomlán	Páirt-Aimseartha	Séasúrach	Iomlán
2018	Líon	3	0	124	15	64	206
	%	1.5%	0%	60.2%	7.3%	31.1%	100%
2019	Comhaireamh	2	2	74	13	49	140
	%	1.4%	1.4%	52.9%	9.3%	35%	100%
	Iomlán	5	2	198	28	113	346

Nóta: D'fhéadfadh céatadán gan 100% a chomhdhéanamh i ngeall ar shlánú

Bhí cionroinnt níos ísle seirbhísí le coinníollacha ceangailte in anailís 2019 i gcomparáid le 2018 ina gcúram lae iomláine (52.9%; n = 74). Cionroinnt beagán níos airde ná seirbhísí shéasúracha (35%; n = 49). Aithníodh trí déag (9.3%) sheirbhís páirt-aimseartha, dhá sheirbhís (1.4%) feighlí linbh agus dhá sheirbhís (1.4%) buail isteach san anailís le coinníollacha ceangailte lena gclárúchán (Tábla 8).

Méid na seirbhíse

In 2018, bhí idir 0 agus 5 fostaí ag timpeall leath de thuarascálacha ar sheirbhísí (50.7%; n = 104) aitheanta le coinníollacha ceangailte agus bhí idir 6 agus 10 fostaí ag an 20% eile (19.8%; n = 41). Aithníodh go raibh idir 11 agus 20 fostaí ag cionroinnt chosúil (21.3%; n = 44), agus níos mó ná 20 fostaí ag 8% (8.2%; n = 17).

Tábla 9 Líon agus céatadán na seirbhísí le coinníollacha ceangailte de réir líon na bhfostaithe

	2018		2019	
Líon na bhfostaithe	Líon na seirbhísí	% na seirbhísí	Líon na seirbhísí	% na seirbhísí
0 go 5	104	50.7%	76	54.3%
6 go 10	41	19.8%	32	22.9%
11 go 20	44	21.3%	20	14.3%
Os cionn 20	17	8.2%	12	8.6%
Iomlán	206	100%	140	100%

Nóta: D'fhéadfadh céatadán gan 100% a chomhdhéanamh i ngeall ar shlánu

Tá torthaí 2019 cosúil leo sin ag 2018, idir 0 agus 5 fostaí ag timpeall leath de thuarascálacha ar sheirbhísí (54.3%; n = 76) aitheanta le coinníollacha ceangailte agus bhí idir 6 agus 10 fostaí ag an 20% eile (22.9%; n = 32). Aithníodh go raibh idir 11 agus 20 fostaí fiche seirbhís (14.3%), agus níos mó ná 20 fostaí ag 8.6% (n = 12).


Cigireachtaí fógartha agus gan fhógairt

In 2018 agus 2019 araon, bhí beagnach gach cigireachtaí maidir le seirbhísí tuairiscithe le coinníollacha ceangailte gan fhógairt. In 2018, bhí 93.7% (n = 193) de thuarascálacha cigireachta curtha san anailís gan fhógairt agus in 2019, bhí 96.4% (n = 135) gan fhógairt. Ar an dá bhliain, bhí cigireacht amháin maidir le cigireacht Shainoiriúnaithe, a bhraitheann ar choinní i gcónaí gan leanaí i láthair.

Líon na rialachán neamh-chomhréireacha

In 2018, chuaigh líon na rialachán neamh-chomhréireachta i dtuarascálacha le coinníollacha ceangailte ó 1 go dtí 12 le meán 4.29 rialachán neamh-chomhréireacha. Bhí timpeall 42% (n = 88; 42.8%) tuairiscithe le idir 1 agus 3 rialachán neamh-chomhréireacha agus cionroinnt chosúil (n = 85; 41.2%) tuairiscithe le idir 4 agus 6 rialachán neamh-chomhréireacha. Bhí tríocha a trí seirbhís (16.4%) tuairiscithe le 7 nó níos mó rialachán neamh-chomhréireacha.

Léaráid 13 Anailís ar chéatadán na dtuarascálacha in 2018 agus 2019 de réir líon na rialachán neamh-chomhréireacha



Nóta: D'fhéadfadh céatadáin gan 100% a chomhdhéanamh i ngeall ar shlánú

Aithníodh torthaí de chineál cosúil in 2019. Chuaigh líon na rialachán neamh-chomhréireachta ó 1 go dtí 14 le meán 4.29 rialachán neamh-chomhréireacha. Bhí díreach os cionn 40% (n = 60; 42.9%) tuairiscithe le idir 1 agus 3 rialachán neamh-chomhréireacha agus cionroinnt chosúil (n = 63; 45%) tuairiscithe le idir 4 agus 6 rialachán neamh-chomhréireacha. Bhí seacht seirbhís déag (12.1%) tuairiscithe le 7 nó níos mó rialachán neamh-chomhréireacha (Léaráid 13).

Rialacháin aitheanta le coinníollacha ceangailte

Bhí 346 tuarascáil seirbhíse le coinníollacha ceangailte curtha leis an anailís seo. Laistigh sin, aithníodh 501 rialachán mar réasúnaíocht don choinníoll ceangailte, rud a chiallaíonn gur aithníodh níos mó ná rialachán amháin i seirbhísí áirithe.

Is iad na rialacháin is dóchúla le bheith aitheanta i dtuarascálacha le rialacháin a bhfuil coinníollacha leo ná Rialachán 9 (n = 136; 39.3% de thuarascálacha), Rialachán 23 (n = 98; 28.3%) agus Airteagal 58G le Acht um Leanaí agus Teaghlach 2013 (n = 97; 28%). Aithníodh rialacháin 32, 25, 30 agus 20 in 10 nó níos lú tuarascáil mar chúiseanna go raibh coinníollacha ceangailte le clárúchán.

Tábla 10 Rialacháin Neamh-Chomhréireacha ag eascrú i gceangal coinníollacha de réir líon agus céatadáin na dtuarascálacha

Uimhir an rialacháin	Béim an rialacháin	Cé mhéad uair a aithníodh rialacháin i dtuarascálacha 2018	% de thuarascálacha 2018 a d'aithin na coinníollacha sin	Cé mhéad uair a aithníodh rialacháin i dtuarascálacha 2019	% de thuarascálacha 2019 a d'aithin na coinníollacha sin	Iomlán	%
8	Fógra ar athrú sna cúinsí	14	6.8%	15	10.7%	29	8.4%
9	Bainistíocht agus earcaíocht	87	42.2%	49	35%	136	39.3%
16	Taifead maidir le seirbhís réamhscoile	10	4.9%	1	0.7%	11	3.2%
19	Sláinte, leas agus forbairt an linbh	15	7.3%	12	8.6%	27	7.8%
20	Áiseanna sosa agus imeartha	8	3.9%	1	0.7%	9	2.6%
23	Sláinte, sábháilteacht agus leas an linbh a chosaint	64	31.1%	34	24.3%	98	28.3%
25	Garchabhair	2	1%	1	0.7%	3	0.9%
26	Bearta sábháilteachta dóiteáin	29	14.1%	10	7.1%	39	11.3%
29	Áitribh	31	15%	11	7.9%	42	12.1%
30	Íosmhéid riachtanais spáis	7	3.4%	2	1.4%	9	2.6%
32	Gearáin	1	0.5%	0	0%	1	0.3%
58G Acht Gníomhaireachta um Leanáí agus Teaghlach 2013		49	23.8%	48	34.3%	97	28%
Iomlán		317		184		501	

Fógra ar choinníollacha ceangailte

Nuair a bhíonn coinníollacha ceangailte le clárúchán, tugtar cuntas i scríbhinn don soláthraí cláraithe maidir leis an gcoinníoll molta agus an reachtaíocht ábhartha i dteannta lena gceart achomhairc.

Tugtar go leor samplaí anois ar fhaisnéis curtha ar fáil leis na soláthraithe cláraithe maidir leis an gcoinníoll ceangailte lena gclárúchán. I gcásanna áirithe, luaitear deis eile ag an staid seo chun an fhaisnéis ábhartha a sheoladh chuig an gCigireacht Luath-Óige (Féach Léaráid 14a, Léaráid 14b, Léaráid 14c agus Léaráid 14d).

Léaráid 14a Samplaí ar choinníollacha ceangailte le seirbhísí (1)

Airteagal 58G Acht Gníomhaireachta um Leanaí agus Teaghlach 2013

- **Beart:** Teastaíonn struchtúir agus cigireachtaí rialta a chur in áit chun maoirseacht agus bainistíocht chuí a bhunú agus a choinneáil don seirbhís. Ní mór torthaí ó na cigireachtaí a thaifead agus a choinneáil chun cuspóirí iniúchta.

Rialachán 8 - Fógra ar athrú sna cúinsí

- **Beart:** Ní mór don seirbhís oibriú laistigh stádais chlárúcháin reatha go dtí go dtugtar faomhadh i scríbhinn.

Rialachán 9 - Bainistíocht agus earcaíocht

- **Beart:** Gach cáilíochtaí ar feitheamh agus deimhnithe a sheoladh go dtí Oifig Chlárúcháin Luath-Óige laistigh 21 lá.
- **Beart:** A leanas a sheoladh go dtí Oifig Chlárúcháin Luath-Óige laistigh 21 lá:
 - Grinnfhiosrúchán na nGardaí ar feitheamh.
 - Na tagairtí ar feitheamh agus deimhnithe.
 - Grinnfhiosrúchán na bPóilíní ar feitheamh.
- **Beart:** Mar sholáthraí cláraithe, ní mór duit a chinntiú nach bhfaigheann daoine aonair a bhfuil grinnfhiosrúchán na nGardaí ar feitheamh acu rochtain ar leanaí i do sheirbhís go dtí go bhfuil grinnfhiosrúchán sásúil deimhnithe.

Léaráid 14b Samplaí ar choinníollacha ceangailte le seirbhísí (2)

Rialachán 11 - Leibhéal foirne

- **Beart:** Le do thoil seol go dtí an Cigireacht Luath-Óige laistigh 21 lá, fianaise go bhfuiltear ag coinneáil cóimhis cearta duine fásta leanbh le baill foirne cáilithe mar is cuí.

Rialachán 16- Taifead maidir le seirbhís réamhscoile

- **Beart:** Na polasaithe athbhreithnithe a sheoladh de réir liostaithe thíos go dtí Oifig Chlárúcháin Luath-Óige laistigh 21 lá: Mineastráil leighis; codladh sámh; Smachtú ionfhabhtaithe; Imeachtaí.

Rialachán 19 - Sláinte, leas agus forbairt an linbh

- **Beart:** Seoladh go dtí Oifig Chlárúcháin Luath-Óige laistigh 21 lá fianaise ar a leanas:
 - Forbraíodh an limistéar imeartha lasmuigh chun limistéir sonraithe a chur leis chun gur féidir le leanaí imirt;
 - Ardaíodh claíocha cuí le cinntiú go bhfuil an limistéar lasmuigh sábháilte agus slán do leanaí a fhreastalaíonn ar do sheirbhís.
- **Beart:** Le do thoil tabhair cóipeanna ar cháipéisíocht d'Oifig Chlárúcháin Luath-Óige maidir le pleanáil an chlár agus fianaise go ndéantar breathnóireacht nó taigead ar fhoghlaím gach linbh ar bhonn leanúnach.
- **Beart:** Le do thoil, tabhair fianaise cháipéisíochta laistigh 21 lá d'oifig chlárúcháin luath-óige go raibh an neamh-chomhréireacht aitheanta faoi réir timpeallachta fisicigh agus ábhartha agus déileáil le clár gníomhaíochtaí. Cuir leis deimhniúchán maidir le idirghníomhaíocht le { ainm na seirbhíse meantóireachta }.

Léaráid 14c Samplaí ar choinníollacha ceangailte le seirbhísí (3)

Rialachán 20 - Áiseanna sosa agus imeartha

- **Beart:** Fianaise cháipéisíochta a sheoladh, laistigh 21 lá, chuig oifig Chlárúcháin Luath-Óige
- Ní mór go mbeidh rochtain ag gach leanaí suas go dtí dhá bhliana d'aois sa seirbhís ar chodladh i gcliabhán caighdeánach. Ba chóir go mbeadh líon na gcliabhán curtha ar fáil ag an seirbhís oiriúnach do líon na leanaí sa seirbhís.

Rialachán 23 - Sláinte, leas agus forbairt an linbh a chosaint

- **Beart:** Le do thoil seol fianaise i ngrianghraif chuig Oifig Chlárúcháin Luath-Óige laistigh 21 lá go bhfuair tú an litir seo go raibh dromchla an limistéir lasmuigh deisithe/athchurtha le cinntiú nach bhfuil guais ann a thuilleadh do leanaí a fhreastalaíonn ar do sheirbhís.
- **Beart:** Le do thoil seol fianaise cháipéisíochta chuig Oifig Chlárúcháin Luath-Óige laistigh 21 lá go bhfuair tú an comhfhreagras seo go bhfuil comhthoil i scríbhinn na dtuismitheoirí ar fáil do gach leanbh i gcomhair mineastrála leighis i gcás éigeandála.
- **Beart:** Seol fianaise cháipéisíochta chuig an Roinn Chlárúcháin laistigh 21 lá a léiríonn go raibh an trealamh múchta tine seirbhísithe.

Rialachán 25 - Garchabhair

- **Beart:** Seol fianaise cháipéisíochta laistigh 21 lá chuig Oifig Chlárúcháin Luath-Óige gur déileáileadh leis an neamh-chomhréireacht faoi réir Rialacháin 25.
- **Beart:** Seol láithreach chuig oifig Chlárúcháin Luath-Óige go bhfuil duine oile i ngarchabhair ar fáil do leanaí an t-am go léir.

Rialachán 26 - Bearta sábháilteachta dóiteáin

- **Beart:** Seol fianaise láithreach go raibh na aláraim deataigh sa seirbhís seirbhísithe.
- **Beart:** Seol láithreach taifead ar líon, cineál, agus taifead cothabhála ar threalamh múchta tine agus aláraim deataigh sna háitribh.

Léaráid 14d Samplaí ar choinníollacha ceangailte le seirbhísí (4)

Rialachán 29 - Áitribh

- **Beart:** Seol fianaise cháipéisíochta chuig Oifig Chlárúcháin Luath-Óige laistigh 21 lá go bhfuair tú an litir seo go bhfuil teocht 16 Celsius go dtí 20 Celsius sna limistéir codlata agus gach limistéar eile laistigh raon 18 Celsius go dtí 22 Celsius.
- **Beart:** Seol chuig Oifig Chlárúcháin Luath-Óige, fianaise cháipéisíochta gur laghdaigh do sheirbhís láithreach líon na leanaí ag freastal ar an seirbhís go dtí *, go dtí go gcuirtear áiseanna sláinteachais cuí ar fáil, i.e. Leithreas agus doirteal níos álainn do gach 11 leanbh luath-óige.

Rialachán 30 - Riachtanais spáis

- **Beart:** Bainfidh an coinníoll molta faoi réir Rialacháin 30 anois le do sheirbhís. Ní mór do do sheirbhís a chinntiú go n-oibríonn sé laistigh na rialachán an t-am go léir. Is gá líon na leanaí a fhreastalaíonn ar an seomra seo a bheith laghdaithe le cinntiú go bhfuil íosmhéid spáis glan an taimh sonraithe i sceideal 7 ar fáil do gach leanbh.

Rialachán 32 - Gearáin

- **Beart:** Iarrtar ort cloí le polasaí gearáin do sheirbhíse agus le riachtanais laistigh Rialacháin 32.

Cuid 6: Baint na seirbhísí luath-óige ón taifead

Príomh-phointí

Bhí ceithre sheirbhís eisithe le fógra intinne chun iad a bhaint ón taifead in 2019

Bhí dhá sheirbhís bainte ón taifead in 2018 agus ceithre sheirbhís bainte ón taifead in 2019

Bhí ionchúiseamh amháin maidir le seirbhís in 2019.

Forléargas

D'fhéadfaí glacadh le baint ón taifead do sheirbhísí luath-óige nuair nach n-éiríonn le soláthraí seirbhíse comhréireacht a bhaint amach agus/nó a choinneáil, agus nuair a chreideann an chigireacht Luath-Óige, ar bhonn réasúnta, go bhfanann riosca leanúnach agus/nó suntasach ar shábháilteacht, sláinte agus/nó leas na leanaí. Tá an Painéal Forfheidhmithe Clárúcháin Náisiúnta údaraithe ag Tusla chun maoirseacht a thabhairt ar an reachtaíocht fhorfheidhmithe clárúcháin déanta faoi réim feidhmeanna Rialála Sheirbhísí Leanaí.

Nuair a ghlactar leis go dteastaíonn baint, déantar fógra bainte na seirbhíse ón taifead a eisiúint chuig an soláthraí cláraithe. Coinníonn an soláthraí cláraithe ceart achomhairc tríd an gcúirt dúiche. Nuair nach ndéanann soláthraí cláraithe achomharc nó nach n-éiríonn le achomharc, baintear an tseirbhís ón taifead.

Ionchúiseamh

Déanann cuid 58K an Achta Gníomhaireachta um Leanaí agus Teaghlaigh 2013 foráil don ghníomhaireacht chun nósanna imeachta dlíthiúla a thosú i gcúinsí sonraithe. Tá sé níos dáiríre do sholáthraí nó duine i gceannas a bheith ciontaithe ar chóir faoi réir na reachtaíochta Luath-Óige. Ó bhí Rialacháin an Achta Cúraim Leanaí 1991 (Seirbhísí Luath-Óige) 2016, tá cosc ar an gCigireacht Luath-Óige ó aon duine nó daoine a chlárú mar sholáthraí seirbhíse luath-óige má bhí siad ciontaithe faoi réir na reachtaíochta sin. Is polasaí Clárúcháin Tusla ionchúisimh a lorg sna cúinsí a leanas:

- D'oibrigh duine nó gníomhaireacht seirbhís luath-óige neamhchláraithe.
- Theip é a chomhlíonadh de réir coinníoll cláraithe
- Theip ar dhuine nó daoine comhoibriú le nó chuir siad cosc ar oifigeach le linn a ndualgais.
- Theip ar dhuine ceadú d'oifigeach údaraithe rochtain a fháil ar sheirbhís luath-óige.
- Theip ar dhuine nó gníomhaireacht stopadh ag oibriú i ndiaidh a bheith bainte ón taifead seirbhísí.
- Duine nó gníomhaireacht a fuair fógra dúnta deonaigh ach a lean ag oibriú seirbhíse luath-óige d'ainneoin sin.
- Duine nó gníomhaireacht a chuireann cosc ar an gCigireacht trí mheán meallta nó foráil faisnéise bhréaga.

Tábla 11 Fógra ar intinn le baint ón taifead agus ionchúisimh

	Fógra ar intinn le baint ón taifead	Bainte ón taifead	Ionchúisimh
2018		2	
2019	4	4	1

Bhí an t-ionchúiseamh glactha in 2019 maidir le soláthraí a bhí ag oibriú seirbhíse luath-óige neamhchláraithe.

Baint ón taifead seirbhísí luath-óige

D'fhéadfaí glacadh le baint ón taifead do sheirbhísí luath-óige nuair nach n-éiríonn le soláthraí seirbhíse comhréireacht a bhaint amach agus/nó a choinneáil, agus nuair a chreideann an chigireacht Luath-Óige, ar bhonn réasúnta, go bhfanann riosca leanúnach agus/nó suntasach ar shábháilteacht, sláinte agus/nó leas na leanaí. Tá ceart ag an soláthraí cláraithe uiríoll a dhéanamh do Tusla maidir leis an tairiscint ar choinníoll nó achomharc ar an tairiscint tríd an gcúirt dúiche.

Baint ón Taifead

Tá líon na seirbhísí luath-óige bainte ón taifead an-bheag. In 2017 ní raibh aon seirbhísí bainte ón taifead. In 2018 bhí dhá sheirbhís bainte agus in 2019 ceithre sheirbhís bainte ón taifead, a thuilleadh faisnéise ar fáil ag:

https://www.tusla.ie/uploads/content/Early_Years_Inspectorate_Enforcement_Action_Feb_20.pdf

Nósanna imeachta dlíthiúla

Ní raibh ach seirbhís amháin faoi réir nósanna imeachta dlíthiúla in 2019 agus bhí sé sin i ngeall ar oibriúchán gan chlárúchán. Mar thoradh leis na himeachtaí sin, cuireadh an tAcht Promhaidh i bhfeidhm air.